Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 3 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14671/23**

**LIMITE**

**UK 216**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM (2023) 527 |
| Ábhar: | Treoirphrionsabail le haghaidh idirphlé struchtúrtha faoin gComhaontú Trádála agus Comhair<br>- Glacadh |

1. Tar éis an chruinnithe a bhí ag Coiste na mBuanionadaithe an 26 Aibreán 2023, inar chuir an Coiste sin in iúl go dtacaíonn sé leis an bhfiosrú faoi réimsí breise comhair leis an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, phléigh an Chomhairle, an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála na prionsabail ba cheart a bheith mar threoir san idirphlé struchtúrtha dá bhforáiltear faoin gComhaontú Trádála agus Comhair.

2. Ba é an toradh a bhí ar an bplé sin an dréacht-ráiteas comhpháirteach atá in 9070/4/23 REV 4, a comhaontaíodh ar leibhéal na Meithle um an Ríocht Aontaithe an 24 Deireadh Fómhair 2023. Tá Ráiteas ón gComhairle, atá in 14342/1/23 REV 1 agus a comhaontaíodh freisin ag an gcruinniú céanna, ag gabháil leis an Ráiteas Comhpháirteach. Thíolaic an tArdionadaí ráiteas atá in 14583/23.

3. Foráiltear leis na Treoirphrionsabail atá sa Ráiteas Comhpháirteach an raon feidhme agus an bealach ina stiúrfaidh an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an t-idirphlé leis an Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú Trádála agus Comhair, agus déantar foráil iontu freisin maidir leis na modhanna agus na módúlachtaí lena n-ullmhaítear an t-idirphlé sin sa Chomhairle, agus cineál sonrach an chaidrimh leis an Ríocht Aontaithe á chur san áireamh ag an am céanna. Ar deireadh, foráiltear sa Ráiteas Comhpháirteach go mbeidh na Ballstáit i láthair san idirphlé sin mar chuid de thoscaireacht an Aontais, agus ní mór don Chomhairle, don Choimisiún agus don Ardionadaí na mionsonraí beachta ina thaobh sin a chomhaontú faoi mhí an Mheithimh 2024.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Ráitis Chomhpháirtigh thuasluaite, mar a leagtar amach in 9070/4/23 REV 4 é; agus go n-aontaíonn sé le téacs an Ráitis ón gComhairle, mar a leagtar amach in 14342/1/23 REV 1 é.

– a mholadh go bhformheasfaidh an Chomhairle, thar a ceann, an Ráiteas Comhpháirteach mar a leagtar amach in 9070/4/23 REV 4 é agus an Ráiteas ón gComhairle mar a leagtar amach in 14342/1/23 REV 1 é.

PUBLIC